



An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2021
(OR. en)

9319/1/21
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0250(COD)**

**CODEC 799
JAI 656
FRONT 208
ENFOPOL 209
CADREFIN 270
CT 73**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunófar Ciste Slándála Inmheánaí (an chéad léamh) - Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle

1. An 13 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra¹ uaidh, bunaithe ar Airteagail 82(1), 84 agus 87(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Deireadh Fómhair 2018².
3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.
4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Márta 2019³.

¹ 10154/18 + ADD 1.

² IO C 62, 15.2.2019, lgh. 189-193.

³ 7404/19.

5. An 1 Márta 2021, dhaingnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir an 2 Márta 2021 chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhu gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhorghnas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.
6. An 10 Márta 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.
7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle⁴ go ndéanadh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 6488/21 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 6488/21 ADD 1 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus Poblacht na Seice agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne.
8. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

⁴ Níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.